# Iniúchadh Triantáin

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás (Cruthanna 2T)<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus Cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaitice a phlé agus a mhíniú<br>• Nasc agus Comhtháthú – smaointe matamaitice neamhfhoirmiúla a nascadh le smaointe matamaitice foirmeálta; an mhatamaitic a aithint sa timpeallacht<br>• Cur i bhfeidhm – straitéisí intinne agus gnásanna a fhorbairt agus a úsáid chun gníomhaíochtaí matamaitice a chur i gcrích; láimhseoga cuí a úsáid chun gníomhaíochtaí agus gnásanna matamaitice a chur i gcrích |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga na gcruthanna 2T, ainmneacha agus airíonna, comhcheangail |
| **Áiseanna** | Anglegs, Geostrip, ábhair thógála eile |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí ábhair dhifriúla thógála cosúil le Anglegs nó Geostrips chun cineálacha agus méideanna difriúla de chruthanna 2T a fhiosrú. Mar shampla, úsáideann daltaí na stiallacha daite chun triantáin a dhéanamh. Tosaigh le triantáin ina bhfuil na sleasa ar comhfhad. Sín chuig daltaí ag úsáid fad de shleasa difriúla. Labhair faoi na cineálacha difriúla triantán agus an chuma atá orthu, m.sh., fad na sleasa nó a suíomh. Iarr orthu a fháil amach cé mhéad triantán difriúil is féidir leo a dhéanamh ag úsáid na stiallacha atá acu. Spreag iad chun na rudaí seo a thaifeadadh, m.sh., grianghraif a thógáil.

Is féidir é seo a athdhéanamh le cruthanna 2T eile cosúil le cearnóga agus dronuilleoga a fhiosrú.

### 2 Gníomhaíocht 2

- Ag lorg triantán sa timpeallacht.
- Ar Uirlis Sórtála Mol Mata, tarraing pictiúr le triantán ag úsáid an méid is mó dathanna agus triantáin dhifriúla agus is féidir.
- Déan triantáin dhifriúla as spaigití agus blu tac, leamhacháin nó milseáin bhoga eile. Pléigh cad atá déanta agus an bhfuil ábhar níos fearr ná olann is féidir linn a úsáid.
- Cineálacha difriúla triantán a shórtáil.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad triantán a rinne tú?<br>• Cad é an difríocht idir triantán agus cearnóg/ciorcal/dronuilleog?<br>• Cén pictiúr is féidir leat a dhéanamh le do thriantáin/chearnóga dhronuilleoga? | • Cuir dhá thriantán i gcomparáid. Conas atá siad mar an gcéanna? Conas atá siad difriúil?<br>• Conas is féidir leat do thriantáin a shórtáil? Mar shampla, de réir datha, méide?<br>• Cén fáth ar shórtáil tú do chruthanna sa tslí seo? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Socraigh líon stiallacha nó cineálacha cruthanna de réir thuiscint na ndaltaí.